2025/125

21.1.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/125 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Eanáir 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Ontario, ráigeanna a deimhníodh an 27 Nollaig 2024 agus an 2 Eanáir 2025, faoi seach, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(6) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcontae Norfolk, Sasana, agus i limistéar comhairle Angus, Albain, ráigeanna a deimhníodh an 28 Nollaig 2024 agus an 10 Eanáir 2025, faoi seach, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 24 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Arkansas (1) California (6), Delaware (2), Indiana (1), Michigan (4), Mississippi (1), Missouri (1), Nebraska (1), North Carolina (1), Ohio (2), South Carolina (1), South Dakota (1), West Virginia (1) agus Wisconsin (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 24 Nollaig 2024 agus an 7 Eanáir 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(8) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin a tharla le déanaí.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin lena mbaineann na ráigeanna a tharla le déanaí a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(11) Ina theannta sin, sholáthair Ceanada faisnéis nuashonraithe don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a chríoch a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach táirgí áirithe san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) Chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i gcúige British Columbia, ráigeanna a deimhníodh an 31 Deireadh Fómhair 2024 agus an 21 Samhain 2024, faoi seach, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) Chuir Ceanada faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne sé chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag Ceanada chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme.

(14) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada isteach, agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha aige nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann i gCeanada a chur ar fionraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ón gcrios lena mbaineann i gCeanada óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(16) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

LEASUITHE AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.241:

'CA Ceanada	CA-2.241	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		31.10.2024	15.1.2025';

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.246:

'CA Ceanada	CA-2.246	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.11.2024	15.1.2025';

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.252 agus CA-2.253 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.251:

'CA Ceanada	CA-2.252	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		27.12.2024	
	CA-2.253		N, P1		2.1.2025'	

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.341 agus GB-2.342 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.340:

'GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.341	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		28.12.2024	
	GB-2.342		N, P1		10.1.2025'	

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.798 go US-2.821 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.797:

'US na Stáit Aontaithe	US-2.798	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		27.12.2024	
	US-2.799		N, P1		27.12.2024	
	US-2.800		N, P1		24.12.2024	
	US-2.801		N, P1		27.12.2024	
	US-2.802		N, P1		2.1.2025	
	US-2.803		N, P1		3.1.2025	
	US-2.804		N, P1		3.1.2025	
	US-2.805		N, P1		31.12.2024	
	US-2.806		N, P1		30.12.2024	
	US-2.807		N, P1		30.12.2024	
	US-2.808		N, P1		30.12.2024	

	US-2.809		N, P1		31.12.2024	
	US-2.810		N, P1		31.12.2024	
	US-2.811		N, P1		31.12.2024	
	US-2.812		N, P1		4.1.2025	
	US-2.813		N, P1		4.1.2025	
	US-2.814		N, P1		7.1.2025	
	US-2.815		N, P1		3.1.2025	
	US-2.816		N, P1		4.1.2025	
	US-2.817		N, P1		9.1.2025	
	US-2.818		N, P1		7.1.2025	
	US-2.819		N, P1		9.1.2025	
	US-2.820		N, P1		8.1.2025	
	US-2.821		N, P1		31.12.2025’	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.252 agus CA-2.253 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.251:

‘Ceanada	CA-2.252	Ontario-Latitude 43.05, Longitude -81.03 The municipalities involved are: 3km PZ: Thamesford 10km SZ: Cobble Hill, Kintore, Holiday, Dunn’s Corners, Ingersoll, Dicksons Corners, Banner, Putnam, Nilestown and Thorndale
	CA-2.253	Ontario-Latitude 43.14, Longitude -81.51 The municipalities involved are: 3km PZ: Ailsa Craig and Carlisle 10km SZ: West McGillivray, Brinsley, Mooresville, Clandeboye, Lucan, Dengate, Bowood, Fernhill and Nairn’

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna GB-2.341 agus GB-2.342 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.340:

‘an Ríocht Aontaithe	GB-2.341	near Beverley, East Riding of Yorkshire, Yorkshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.90 and Long: W0.43
	GB-2.342	near Kirriemuir, Angus, Scotland, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N56.70 and Long: W3.08’

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.798 go US-2.821 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.797:

‘na Stáit Aontaithe	US-2.798	State of Wisconsin Burnette 01 Burnette County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 92.0723185°W 45.9267560°N)

	US-2.799	State of Missouri Cooper 02 Cooper County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 92.6284035°W 38.8695488°N)
	US-2.800	State of California Stanislaus 12 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8936711°W 37.7796160°N)
	US-2.801	State of California Stanislaus 15 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.0250010°W 37.5731540°N)
	US-2.802	State of California Stanislaus 16 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.7698195°W 37.5844317°N)
	US-2.803	State of California Stanislaus 17 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.7970001°W 37.6031542°N)
	US-2.804	State of California Butte 04 Butte County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.6220145°W 39.4683346°N)
	US-2.805	State of California Riverside 03 Riverside County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 117.1361904°W 33.9054280°N)
	US-2.806	State of Nebraska Johnson 01 Johnson County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.3118643°W 40.3816362°N)
	US-2.807	State of Mississippi Copiah 02 Copiah County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 90.6092943°W 31.7900384°N)
	US-2.808	State of Arkansas Clay 01 Clay County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 90.6711883°W 36.5359024°N)
	US-2.809	State of South Dakota Miner 01 Miner County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.5517829°W 44.0274764°N)
	US-2.810	State of Michigan Ottawa 04 Ottawa County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 86.0577945°W 42.9455829°N)

	US-2.811	State of Michigan Ottawa 05 Ottawa County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 86.0661846°W 42.9514637°N)
	US-2.812	State of Michigan Ottawa 06 Ottawa County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 86.1073049°W 43.0253169°N)
	US-2.813	State of Michigan Ottawa 07 Ottawa County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 86.1084076°W 43.0192671°N)
	US-2.814	State of Indiana Jay 01 Jay County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.8442941°W 40.6257610°N)
	US-2.815	State of West Virginia Pocahontas 01 Pocahontas County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 79.7561685°W 38.5976913°N)
	US-2.816	State of Delaware Kent 04 Kent County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 75.6876113°W 39.2030333°N)
	US-2.817	State of Delaware Kent 05 Kent County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 75.6758756°W 39.2336703°N)
	US-2.818	State of North Carolina Hyde 01 Hyde County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76.5026312°W 35.7285291°N)
	US-2.819	State of Ohio Darke 05 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7163458°W 40.4033690°N)
	US-2.820	State of Ohio Darke 06 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7747360°W 40.4271757°N)
	US-2.821	State of South Carolina Spartanburg 01 Spartanburg County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 81.9948505°W 35.2469060°N)’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.241:

'CA Ceanada	CA-2.241	POU, RAT	N, P1		31.10.2024	15.1.2025
		GBM	P1		31.10.2024	15.1.2025'

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.246:

'CA Ceanada	CA-2.246	POU, RAT	N, P1		21.11.2024	15.1.2025
		GBM	P1		21.11.2024	15.1.2025'

(c) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.252 agus CA-2.253 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.251:

'CA Ceanada	CA-2.252	POU, RAT	N, P1		27.12.2024	
		GBM	P1		27.12.2024	
	CA-2.253	POU, RAT	N, P1		2.1.2025	
		GBM	P1		2.1.2025'	

(d) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.341 agus GB-2.342 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.340:

'GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.341	POU, RAT	N, P1		28.12.2024	
		GBM	P1		28.12.2024	
	GB-2.342	POU, RAT	N, P1		10.1.2025	
		GBM	P1		10.1.2025'	

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.798 go US-2.821 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.797:

'US na Stáit Aontaithe	US-2.798	POU, RAT	N, P1		27.12.2024	
		GBM	P1		27.12.2024	
	US-2.799	POU, RAT	N, P1		27.12.2024	
		GBM	P1		27.12.2024	
	US-2.800	POU, RAT	N, P1		24.12.2024	
		GBM	P1		24.12.2024	
	US-2.801	POU, RAT	N, P1		27.12.2024	
		GBM	P1		27.12.2024	
	US-2.802	POU, RAT	N, P1		2.1.2025	
		GBM	P1		2.1.2025	

	US-2.803	POU, RAT	N, P1		3.1.2025	
		GBM	P1		3.1.2025	
	US-2.804	POU, RAT	N, P1		2.1.2025	
		GBM	P1		2.1.2025	
	US-2.805	POU, RAT	N, P1		31.12.2024	
		GBM	P1		31.12.2024	
	US-2.806	POU, RAT	N, P1		30.12.2024	
		GBM	P1		30.12.2024	
	US-2.807	POU, RAT	N, P1		30.12.2024	
		GBM	P1		30.12.2024	
	US-2.808	POU, RAT	N, P1		30.12.2024	
		GBM	P1		30.12.2024	
	US-2.809	POU, RAT	N, P1		31.12.2024	
		GBM	P1		31.12.2024	
	US-2.810	POU, RAT	N, P1		31.12.2024	
		GBM	P1		31.12.2024	
	US-2.811	POU, RAT	N, P1		31.12.2024	
		GBM	P1		31.12.2024	
	US-2.812	POU, RAT	N, P1		4.1.2025	
		GBM	P1		4.1.2025	
	US-2.813	POU, RAT	N, P1		4.1.2025	
		GBM	P1		4.1.2025	
	US-2.814	POU, RAT	N, P1		7.1.2025	
		GBM	P1		7.1.2025	
	US-2.815	POU, RAT	N, P1		3.1.2025	
		GBM	P1		3.1.2025	
	US-2.816	POU, RAT	N, P1		4.1.2025	
		GBM	P1		4.1.2025	
	US-2.817	POU, RAT	N, P1		9.1.2025	
		GBM	P1		9.1.2025	
	US-2.818	POU, RAT	N, P1		7.1.2025	
		GBM	P1		7.1.2025	
	US-2.819	POU, RAT	N, P1		9.1.2025	
		GBM	P1		9.1.2025	
	US-2.820	POU, RAT	N, P1		8.1.2025	
		GBM	P1		8.1.2025	
	US-2.821	POU, RAT	N, P1		31.12.2025	
		GBM	P1		31.12.2025’.	